



## POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

### Clár forfheidhmithe (Nollaig 2017) An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

Tugtar spléachadh sa chur síos a leanas ar a bhfuil ar bun agus beartaithe ag an Roinn chun tacú le feidhmiú rathúil an pholasaí. In éindí leis an méid thíos tá an raon leathan clár, scéimeanna agus tionscnamh eile atá á riaradh ag an Roinn ag tacú chomh maith go tánaisteach le fíorú an pholasaí agus an phróisis pleanála teanga araon - a bhfuil a bhfeidhmiú rathúil ag brath ar a chéile.

#### An Próiseas Pleanála Teanga – Acht na Gaeltachta 2012

- Tá 3 phlean faofa agus tosófar ar fheidhmiú pleananna na limistéar sin dá réir gan mhoill (Cois Fharraige; Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Lúir; Cloch Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh.)
- Tá 2 phlean eile á mbreithniú faoi láthair (Na Déise agus Múscraí) agus táthar ag obair i dtreo iad a bheith ceadaithe faoin Nollaig
- Táthar ag súil leis go mbeidh suas le 10 bplean eile ceadaithe in 2018 agus ina dhiaidh sin go gceadófar pleananna i leith an 11 limistéar pleanála teanga Gaeltachta eile
- Tá ciste ar fiú €2.65m curtha ar fáil faoi Bhuiséad 2018 ón Státhchiste chun cabhrú le feidhmiú an phróisis pleanála teanga in 2018. Tá plean oibre á chur le chéile faoi láthair ag an Roinn dá réir (i gcomhar le húdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge) i dtreo a chinntiú go mbaintear an leas is fearr is féidir as ar mhaithe leis an bpróiseas pleanála teanga agus an Polasaí don Oideacht Gaeltachta araon.
- Mar chuid den phlean oibre seo, aithnítear an gá díriú go sonrach ar réimsí faoi leith lena n-áirítear: luathoideacht; an teaghlach; an óige agus na healaíona traidisiúnta. Is fiú a nótáil go bhfuil an ciste thuasluaite ardaithe go céimíúil thar an méid a bhí ar fáil sa bhliain reatha agus go deimhin roimhe seo (€1.25m in 2017; €200,000 in 2014),

#### Plean gníomhaíochta 5 Bliaina 2018-2022 d'fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

- I gcomhthéacs na hoibre atá ar bun ag RCOG chun plean gníomhaíochta 2018-2023 d'fheidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge a ullmhú agus a fhoilsiú, tá plé ar bun

ag ROCG leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA) le tamall anuas ar mhaithe le teacht ar chomhaontú maidir le raon bearta a bheidh á gcur san áireamh mar chuid den phlean sin mar a bhaineann sé le gnóthaí Gaeilge san earnáil luathoideachais. Tá dul chun cinn suntasach déanta sa phlé sin agus táthar ag súil leis go mbeifear in ann toradh fóna an phlé sin a fhógairt go poiblí go luath.

- Sa chlár oibre atá idir lámha ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) - a fheidhmíonn faoi scáth an Údaráis, tá obair ar bun acu chun cabhrú le 97 seisiún i 60 suíomh oideachais luathbhlianta faoi leith a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Foin bplean oibre 2018 thuasluaite maidir le feidhmiú an phróisis pleanála teanga, agus mar chuid den chlár oibre atá faoi chaibidil faoi láthair, beifear ag súil leis go mbeifear in ann an clár oibre sin a threisiú tuilleadh ar son forfheidhmiú rathúil an pholasaí.
- Aithnítear sa phleanáil agus san fheidhmiú ar ndóigh, an gá atá ann chun go gcuirfear san áireamh mar is cuí an 67 seirbhís luathbhlianta eile den 127 ar fad atá sa Ghaeltacht. Ní call a rá gur i gcomhthéacs Cholún Tacaíochta 6 den pholasaí - a bhaineann leis an earnáil luathoideachais - atá an méid thuasluaite á dhéanamh.

### Ginearálta (CT = Colún Tacaíochta)

- Leanann an socrú atá i bhfeidhm ag an Roinn le ROS agus an Lár-Oifig Iontrála (CAO) go mbeadh 10% do na háiteanna sna Coláistí Oiliúna ar fáil do chainteoirí dúchais ón nGaeltacht. **(CT1)**
- Tá an Roinn ag cur ciste maoinithe ar fáil, ar fiú €900,000 é in aghaidh na bliana acadúla, d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le cumasú dóibh a gclár oibre aontaithe a chur i bhfeidhm ina chuimsítear oiliúint mhúinteoirí iar-bhunoideachais. **(CT1)**
- Leanfar chomh maith leis an tacaíocht a thugann an Roinn faoi Scéim na bhFoghlaimoírí Gaeilge d'ábhar oidí maidir leis an tréimhse foghlama a chaitheann siad sa Ghaeltacht. **(CT1)**
- Tá bailchríoch á cur faoi láthair ar na socruithe i dtreo a bheith in ann tairiscintí a lorg go poiblí (i gcomhar leis an OGP mar is cuí) ó pháirtithe leasmhara cáilithe go cuí chun tabhairt faoin athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga - faoi stiúir na Roinne agus páirtithe leasmhara eile. Is ag obair i dtreo an t-athbhreithniú a bheith críochnaithe faoi dheireadh na scoilbhliana reatha atá an Roinn ag obair. **(CT5)**

Mar a bhaineann sé leis an scoilbhliain reatha, tá allúntas €784,442 ceadaithe agus freastal á dhéanamh ar 104 scoil, le 93 cúntóirí teanga i mbun oibre.

- Tá leathán eolais curtha ar fáil i gcomhar leis an Údarás - a scaipeadh ar na scoileanna Gaeltachta cheana féin, ina leagtar amach na tacaíochtaí ábhartha atá ar fáil ón dá fhoras chun cabhrú le treisiú na Gaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh. Díródh go sonrach, agus an leathán eolais sin á chur le chéile - ar thacaíochtaí atá ábhartha d'fheidhmiú an pholasaí **(CT7)**

- Tá leabhrán eolais faoi leith maidir le hobair na Roinne i réimse na Gaeltachta agus na Gaeilge tar éis a bheith foilsithe go le gairid (CT7)
- Tá ábhar feasachta foilsithe agus á scaipeadh trí na seirbhísí máithreachais a dhéanann freastal ar cheantair Ghaeltachta, chomh maith le seirbhísí dochtúirí teaghlaigh agus seirbhísí ábhartha eile sa Ghaeltacht.(CT7)
- Tá Údarás na Gaeltachta ag obair faoi láthair ar shuíomh idirlín nua a fhorbairt dar teideal: [www.usaidgaeilge.ie](http://www.usaidgaeilge.ie) ar mhaithe le tacú tuilleadh le feasacht a chothú faoi na buntáistí a bhaineann le Gaeilge agus na tacaíochtaí atá ar fáil lena n-aghaidh.(CT7)

